Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2019 (OR. en)

8725/19

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0364(COD)**

CODEC 983
EF 170
ECOFIN 431

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2013/36/AE maidir le heintitis dhíolmhaithe, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha, an luach saothair, bearta agus cumhachtaí maoirseachta agus bearta caomhnaithe caipitil **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 23 Samhain 2016, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 53(1) CFAE ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 30 Márta 2017[2].

3. Thug an Banc Ceannais Eorpach a thuairim uaidh ar an 8 Samhain 2017[3].

[1] 14776/16 + COR 1.
[2] IO L 209, 30.6.2017, lch. 36.
[3] IO C 34, 31.1.2018, lgh. 5 agus 17.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 16 Aibreán 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 16/19 é, a fhormheas mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

   Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

4 8421/19.